Easpa fola sa tír

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi chlinic deonaithe fola.

Féach ar an tuairisc uair amháin. Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat ceanglaígí na focail Bhéarla ar chlé leis na focail Ghaeilge ar dheis:

Irish Blood Transfusion Service	**deontóir (í)**
the blood	**otharlann (a)**
lack of blood	**ag freastal ar**
hospital (s)	**an fhuil**
to depend on	**Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann**
donor (s)	**easpa fola**
attending to	**ag brath ar**
accident	**taisme**

Ceist 3 Déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cé mhéad fola a theastaíonn ó na hotharlanna gach seachtain?
2. Cén céatadán den phobal a thugann fuil gach seachtain?
3. Cad a bhí le rá ag na fir seo?

   Pól Mac Aoidh agus **Muiris Ó Gallchóir**

4. Cén aois a chaithfidh tú a bheith chun fuil a thabhairt?
5. Cén fhad a mhaireann aonad fola?

Ceist 4 Canúint Uladh atá ag na cainteoirí sa mhír. Cén leagan eile atá agatsa ar na focail seo?

uilig: _____
de dhíth: _____
millteanach tábhachtach: _____
a dhíobháil: _____
uair **inteacht**: _____
a dhath: _____

Ceist 5 (a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí liosta de na rialacha atá ar eolas agaibh a bhaineann leis an aimsir chaite.

(b) Scríobh amach an sliocht seo ón mhír arís ach san aimsir chaite:

'Cuireann Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann fuil ar fáil do na hotharlanna uilig ar fud na tíre, iad ag brath go mór ar chlinicí réigiúnacha le deontóirí úra a fháil – rud atá de dhíth go géar. Teastaíonn fuil ó mhíle duine gach seachtain ach níl ach 3% de phobal na tíre seo a thugann fuil agus tá siad ag freastal ar phobal de cheithre mhilliún.'

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An deontóir fola tú féin? An mbeidh tú sásta orgáin a dheonú tar éis do bháis?
An bhfuil clinic deonaithe fola i do cheantar?
Cad faoi do shláinte féin? An ólann tú alcól? An gcaitheann tú toitíní?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Cuir an mhír ar siúl uair amháin le seans a thabhairt do na foghlaimeoirí an *gist* a fháil.

Ceist 2

Irish Blood Transfusion Service:	Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann
the blood:	an fhuil
lack of blood:	easpa fola
hospital (s):	otharlann (a)
to depend on:	ag brath ar
donor (s):	deontóir (í)
attending to accident:	ag freastal ar taisme

Ceist 3
1. 3 mhíle aonad fola
2. 3%

3. Pól Mac Aoidh
Tugaim fuil am ar bith, atá, do na daoine anseo, daoine fuilaistriúcháin, mar measaim go bhfuil sé millteanach tábhachtach. Bhí iníon agam féin cúpla bliain ó shin agus bhí taisme aici agus bhí cuid mhór fola a dhíth uirthi agus chonaic mé uilig ag an am cé chomh tábhachtach is a bhí sé.

Muiris Ó Gallchóir
Bíonn oiread taismí ar na bóithre faoin am i láthair agus bíonn fuil i gcónaí a dhíobháil sna hotharlanna, agus sílim go bhfuil sé iontach tábhachtach fuil a thabhairt ag achan duine atá ábalta a dhéanamh.
4. Ocht mbliana déag
5. 35 lá.

Ceist 4

uilig:	**ar fad/go léir**
de dhíth:	**ag teastáil ó/ag iarraidh**
millteanach tábhachtach:	**an-tábhachtach/fíorthábhachtach**
a dhíobháil:	**ag teastáil ó/ag iarraidh**
uair **inteacht**:	**éigin**
a dhath:	**faic/tada**

Ceist 5
(a) – Cuirtear séimhiú ar fhoirm an bhriathair sa dara pearsa, uimhir uatha, modh ordaitheach leis an aimsir chaite a chumadh le briathra a thosaíonn le consan, mar shampla, bhris, chuir, thug.
- cuirtear **d'** roimh bhriathra a thosaíonn le guta nó **f**, mar shampla, d'oscail, d'ól, d'fhreastail.
- athraíonn **An** go **Ar**.
- athraíonn **Ní** go **Níor**.

(b) '**Chuir** Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann fuil ar fáil do na hotharlanna uilig ar fud na tíre, iad ag brath go mór ar chlinicí réigiúnacha le deontóirí úra a fháil – rud **a bhí** de dhíth go géar. **Theastaigh** fuil ó mhíle duine gach seachtain ach **ní raibh** ach 3% de phobal na tíre seo a **thug** fuil agus **bhí** siad ag freastal ar phobal de cheithre mhilliún.'

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ag iarraidh ar dhaoine fuil a thabhairt de bharr easpa fola faoi láthair. Teastaíonn tri mhíle aonad fola chuile sheachtain le stór fola a chur ar fáil d'otharlanna na hÉireann. Labhair Áine Ní Bhreisleáin le daoine i gclinic fola i nGaoth Dobhair, i gContae Dhún na nGall faoin tábhacht a bhaineann leis an tseirbhís fuilaistriúcháin.

Áine Ní Bhreisleáin
Cuireann Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann fuil ar fáil do na hotharlanna uilig ar fud na tíre, iad ag brath go mór ar chlinicí réigiúnacha le deontóirí úra a fháil – rud atá de dhíth go géar. Teastaíonn fuil ó mhíle duine gach seachtain ach níl ach 3% de phobal na tíre seo a thugann fuil agus tá siad ag freastal ar phobal de cheithre mhilliún.

Pól Mac Aoidh
Tugaim fuil am ar bith, atá, do na daoine anseo, daoine fuilaistriúcháin, mar measaim go bhfuil sé millteanach tábhachtach. Bhí iníon agam féin cúpla bliain ó shin agus bhí taisme aici agus bhí cuid mhór fola a dhíth uirthi agus chonaic mé uilig ag an am cé chomh tábhachtach is a bhí sé.

Muiris Ó Gallchóir
Bíonn oiread taismí ar na bóithre faoin am i láthair agus bíonn fuil i gcónaí a dhíobháil sna hotharlanna, agus sílim go bhfuil sé iontach tábhachtach fuil a thabhairt ag achan duine atá ábalta a dhéanamh.

Áine Ní Bhreisleáin
Is féidir leat fuil a thabhairt ó aois a hocht déag ar aghaidh agus í*a thabhairt uair gach nócha lá, agus bíonn go leor cuidithe ón phobal de dhíth ag na clinicí seo.

Bean as Gaoth Dobhair
Tá mé á dhéanamh seo le blianta fada. Tá dúil agam ann.

Áine Ní Bhreisleáin
De réir na bhfigiúirí ón tseirbhís fuilaistriúcháin beidh deonú fola de dhíth ar dhuine as gach ceathrar uair inteacht ina saol.

Pádraig Mac Fhionnghaile
Bhuel, tá mé ag tabhairt fola** anois le thart ar ocht mbliana agus sílim gur rud maith atá ann mar tá an fhuil*** a dhíobháil achan lá orthu, agus tá timpistí ann agus ní mhaireann an fhuil*** a dhath ar feadh tríocha lá so caithfidh daoine fuil a thabhairt le cuidiú le daoine eile

Áine Ní Bhreisleáin
Deir Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann go dteastaíonn trí mhíle aonad fola gach seachtain lena stór fola a choinneáil slán. Agus, de bharr nach maireann aonad fola ach tríocha is a cúig lá tá sé fíorthábhachtach anois go mbeadh tréan deontóirí fola ar fud na tíre. Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4 i nGaoth Dobhair, i gContae Dhún na nGall.

* *é* a deirtear
** *fuil* a deirtear
*** *an fuil* a deirtear